# Aoine Mhór na Siopadóireachta

*Nuacht TG4 (Leibhéal **B**1)*

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi shiopadóireacht ar líne agus an dainséar a bhaineann leis sin. Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa agus pléigh na ceisteanna seo le chéile:

1. An gceannaíonn tú a lán rudaí ar líne?
2. Cad a cheannaíonn tú?
3. Cad is brí leis an bhfocal 'calaois'?
4. An ndearnadh aon chaimiléireacht ort riamh?

   (*Were you ever scammed?*)

   Rinneadh. / Ní dhearnadh.



Anois, cad atá ar eolas agaibh faoi Aoine Mhór na Siopadóireachta (*Black Friday*)? Tugaigí faoin quiz anois le bhur gcuid eolais a mheas.

1. Cén áit ar tosaíodh Aoine Mhór na Siopadóireachta?
   a) An Ríocht Aontaithe  b) Na Stáit Aontaithe  c) An tSín

2. Titeann Aoine Mhór na Siopadóireachta tar éis lá saoire. Cén lá?
   a) Déardaoin Beannaithe  b) Oíche Shamhna  c) Lá an Altaithe

3. *Black Friday* a thugtar ar an lá i mBéarla. Cén fáth?
   a) Dubh an dath is coitianta ar chártaí creidmheasa.
   b) Is é an dath dubh dath na sladmhargaí.
   c) Bíonn na sráideanna dubh le daoine ar an lá seo.

# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| nach mór | warning |
| foláireamh | to steal |
| sonraí bainc | suspicious |
| eisithe | bank details |
| a ghoid | professional |
| lucht calaoise | spending |
| gairmiúil | nearly |
| aithris | imitation |
| amhrasach | issued |
| caiteachas | fraudsters |

Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

- Tá ____________ ____________ ag na Gardaí.
- Tá na gadaithe an-* ____________ agus déanann siad ____________ ar shuíomhanna idirlín na mbrandaí móra. (*Glacann **an-** séimhiú sa chás seo)
- Beidh daoine ag coinneáil súil ar* ____________ i mbliana. (*Glacann **ar** séimhiú sa chás seo)
- Bíonn gach saghas calaoise ar siúl ag an ____________.
- Ba cheart duit a bheith ____________ má tá rud ar díol ar phraghas nach bhfuil réadúil.
- Tá a lán bealaí ann chun airgead ____________.
- Tá séasúr na Nollag ____________ ann.
- Bí cúramach agus ná tabhair do chuid ____________ d'aon duine nach bhfuil aithne mhaith agat orthu.

2. Cuir na focail thíos in ord chun frása Gaeilge a chumadh a chiallaíonn 'moving up a gear' i mBéarla:

(ar)(ag)(na)(maidí)(géarú): ____________________

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus líon na bearnaí sa script leis na focail nua a d'fhoghlaim tú faoi FOCLÓIR.

**Siún Nic Gearailt**

Anois agus an séasúr siopadóireachta roimis na Nollag _________ faoi lán seoil, tá _________ á thabhairt do shiopadóirí a bheith cúramach agus iad ag siopadóireacht ar líne. Deir Gardaí gur cheart do shiopadóirí a gcuid _________ a choimeád slán i gcónaí.

**Joe Mag Raollaigh, Comhfhreagraí Talmhaíochta & Gnóthaí Tomhaltóra**

Le cúig seachtaine fágtha go dtí an Nollaig, beidh siopadóirí ar fud na tíre ag géarú ar na maidí le bronntanais agus gach ní eile riachtanach don séasúr a cheannach. Ach, tá foláireamh _________ ag Gardaí agus grúpaí eile faoi chalaois ar líne agus bealaí eile chun airgead daoine _________.

Deir Niamh Davenport as Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann gur goideadh 45 milliún euro as cuntais bhainc ag calaois de chineálacha éagsúla sa dara leath de 2021, calaois cártaí creidmheasa ina measc. Dúirt sí go gcaithfidh daoine a bheith cúramach nach suíomhanna bréige iad na suíomhanna ar a bhfuiltear ag ceannach earraí, mar go bhfuil _________ thar a bheith _________ ag cur suas leathanaigh a dhéanann _________ ar shuíomhanna brandaí móra. Molann sí freisin gan nascanna díolacháin a thagann aníos ar na meáin shóisialta a leanacht agus a bheith _________ má tá rud ar díol ar phraghas nach bhfuil réadúil.

Le hAoine Mhór na Siopadóireachta – 'Aoine Dhubh', mar a thugtar air – ag teacht i gceann ceithre lá, dúirt Bainc-Aontas Éireann go léiríonn anailís acu ag mbeidh 18 míle euro á chaitheamh ar líne gach nóiméad den lá sin. Mar sin féin, beidh daoine ag coinneáil súil ar* _________, más fíor d'fhigiúirí foilsithe inniu ag Comhar Creidmheasa na hÉireann. Taispeánann suirbhé atá déanta acu siúd go bhfuil níos lú airgid le caitheamh ag 61% den phobal an Nollaig seo.

*Glacann 'ar' séimhiú sa chás seo.

2. Anois, ag obair leis an duine in aice leat, déanaigí cur síos dá chéile ar ábhar na míre. Ná féach ar an script thuas agus sibh ag caint.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (na réamhfhocail shimplí *de*, *do* agus *faoi*)

a) Féach ar na samplaí seo ón mír. Cad a tharlaíonn do na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí **do**, **de** agus **faoi**?

do shiopadóirí     d'fhigiúirí     faoi chalaois     de chineálacha

Agus, cad faoin sampla thíos? Bain amach na lúibíní agus cuir an dá fhocal le chéile.

(do)(Áine) ___________

b) Bain amach na lúibíní sna habairtí thíos agus cuir an leagan ceart de gach ainmfhocal sna bearnaí:

Ar chuala tú faoi (Bríd) _____________?
Bhain sé an cóta de (Seán) _____________ agus thug sé do (Aisling) _____________ é.
Tabhair an aiste do (príomhoide) _____________ na scoile faoi (deireadh) _____________ na seachtaine.

## 2: Cruinneas gramadaí (iolra an ainmfhocail)

Bhí iolraí na n-ainmfhocal seo a leanas le cloisteáil sa mhír. Cad iad? An bhfeiceann tú patrún ar bith?

| | |
|---|---|
| siopadóir | ___________________ |
| sonra | ___________________ |
| bronntanas | ___________________ |
| grúpa | ___________________ |
| cuntas | ___________________ |
| cárta | ___________________ |
| earra | ___________________ |
| branda | ___________________ |
| meán | ___________________ |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Bíodh plé agaibh ar na héadaí is fearr libh agus ar an áit ar cheannaigh sibh iad. Déan cur síos ar fheisteas amháin nó ar bhall éadaigh amháin a bhfuil dúil mhór agat ann. Taispeáin grianghraf chun cuidiú leat an cur síos a dhéanamh más féidir. Mar shampla:

*Is breá liom mo sciorta dearg. Sciorta leathair atá ann agus tá sé chomh compordach. Cheannaigh mé é i siopa dara láimhe sa chathair. Ní raibh sé ach cúig euro. Caithim é …*

**Cineálacha siopaí:**
siopa éadaí, siopa dara láimhe, siopa mórshráide, siopaí na ndearthóirí móra, sraith siopaí éadaí

**Na dathanna:**
dubh, bán, liath, dearg, buí, donn, bándearg, corcra, gorm, glas

**Na praghsanna:**
deich euro, cúig euro caoga, dhá chéad euro, naoi euro fiche cent

**Éadaí le haidiachtaí**:
sciorta gearr, brístí fada, geansaí mór, léine bheag, sciorta leathair, hata olla, scairf shíoda, cóta compordach, gúna daor, T-léine shaor

## 2: Scríobh

Scríobh postáil ar na meáin shóisialta faoin bhfeisteas is fearr leat. Bíodh grianghraf agat freisin más féidir.



# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Anois agus an séasúr siopadóireachta roimis na Nollag[1] nach mór faoi lán seoil, tá foláireamh á thabhairt do shiopadóirí a bheith cúramach agus iad ag siopadóireacht ar líne. Deir Gardaí gur cheart do shiopadóirí a gcuid sonraí bainc a choimeád slán i gcónaí.

**Joe Mag Raollaigh, Comhfhreagraí Talmhaíochta & Gnóthaí Tomhaltóra**
Le cúig seachtaine fágtha go dtí an Nollaig, beidh siopadóirí ar fud na tíre ag géarú ar na maidí le bronntanais agus gach ní eile riachtanach don séasúr a cheannach. Ach, tá foláireamh eisithe ag Gardaí agus grúpaí eile faoi chalaois ar líne agus bealaí eile chun airgead daoine a ghoid.

Deir Niamh Davenport as Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann[2] gur goideadh 45 milliún euro as cuntais bhainc ag calaois de chineálacha éagsúla sa dara leath de 2021, calaois cártaí creidmheasa ina measc. Dúirt sí go gcaithfidh daoine a bheith cúramach nach suíomhanna bréige iad na suíomhanna ar a bhfuiltear ag ceannach earraí, mar go bhfuil lucht calaoise thar a bheith gairmiúil ag cur suas leathanaigh a dhéanann aithris ar shuíomhanna brandaí móra. Molann sí freisin gan nascanna[3] díolacháin a thagann aníos ar na meáin shóisialta a leanacht[4] agus a bheith amhrasach má tá rud ar díol ar phraghas nach bhfuil réadúil.

Le hAoine Mhór na Siopadóireachta – 'Aoine Dhubh', mar a thugtar air – ag teacht i gceann ceithre lá, dúirt Bainc-Aontas Éireann go léiríonn anailís acu go mbeidh 18 míle euro á chaitheamh ar líne gach nóiméad den lá sin. Mar sin féin, beidh daoine ag coinneáil súil ar chaiteachas, más fíor d'fhigiúirí foilsithe inniu ag Comhar Creidmheasa na hÉireann. Taispeánann suirbhé atá déanta acu siúd go bhfuil níos lú airgid le caitheamh ag 61% den phobal an Nollaig seo.

Joe Mag Raollaigh, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

---

[1] roimis na Nollag = leagan canúnach de 'roimh an Nollaig'
[2] *Banking & Payments Federation Ireland* an t-ainm oifigiúil
[3] nascanna = leagan canúnach de 'naisc'
[4] leanacht = leagan canúnach de 'leanúint'

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ina suí le chéile chun plé a dhéanamh ar na ceisteanna faoi shiopadóireacht. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leis na foghlaimeoirí agus ag cuidiú leo. Nuair a bheidh na ceisteanna pléite acu, iarr orthu an quiz beag a dhéanamh le chéile. (Freagraí: 1 – b, 2 – c, 3 – c)

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| nach mór | nearly |
| foláireamh | warning |
| sonraí bainc | bank details |
| eisithe | issued |
| a ghoid | to steal |
| lucht calaoise | fraudsters |
| gairmiúil | professional |
| aithris | imitation |
| amhrasach | suspicious |
| caiteachas | spending |

2. Féach:

- Tá **foláireamh eisithe** ag na Gardaí.
- Tá na gadaithe an-***ghairmiúil** agus déanann siad **aithris** ar shuíomhanna idirlín na mbrandaí móra. (*Glacann **an-** séimhiú sa chás seo)
- Beidh daoine ag coinneáil súil ar* **chaiteachas** i mbliana. (*Glacann **ar** séimhiú sa chás seo)
- Bíonn gach saghas calaoise ar siúl ag an **lucht calaoise**.
- Ba cheart duit a bheith **amhrasach** má tá rud ar díol ar phraghas nach bhfuil réadúil.
- Tá a lán bealaí ann chun airgead **a ghoid**.
- Tá séasúr na Nollag **nach mór** ann.
- Bí cúramach agus ná tabhair do chuid **sonraí bainc** d'aon duine nach bhfuil aithne mhaith agat orthu.

3. 'ag géarú ar na maidí' = moving up a gear.

### C: TUISCINT

Féach an script. Nuair atá na bearnaí líonta isteach acu, iarr ar gach beirt cur síos a dhéanamh dá chéile ar an mír. Bí ag éisteacht leo le bheith cinnte gur thuig siad an mhír. Is féidir leat an mhír a sheinm uair amháin eile más gá.

### D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (na réamhfhocail shimplí *de*, *do* agus *faoi*)

a) Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail dar tús consan a leanann **de**, **do** agus **faoi**: do shiopadóirí, faoi chalaois, de chineálacha. Má thosaíonn an t-ainmfhocal a leanann **de** agus **do** le guta, nó fh + guta, athraíonn **do** agus **de** go dtí **d'**: d'fhigiúirí agus d'Áine. Nuair a leanann ainmfhocal dar tús guta nó fh + guta **faoi** ní thagann aon athrú air: faoi Áine.

b) Féach:

Ar chuala tú faoi B**h**ríd?
Bhain sé an cóta de S**h**eán agus thug sé **d'Aisling** é.
Tabhair an aiste do **phríomhoide** na scoile faoi **dheireadh** na seachtaine.

### 2: Cruinneas gramadaí (iolra an ainmfhocail)

Feictear sna samplaí seo go gcuirtear **-aí** nó **-í** leis na hainmfhocail chun iolraí a chruthú; nó críochnaíonn siad le consan caol:

siopadóirí
sonraí
grúpaí
cártaí
earraí
brandaí
cuntais
bronntanais
meáin

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Léigh trí na treoracha leis an rang ar dtús agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh cur síos ar fheisteas nó ar bhall éadaigh a bhfuil dúil acu iontu. Léigh trí na focail sna scamaill leis na foghlaimeoirí agus cuir leis an stór focal trí iarraidh ar na foghlaimeoirí focail eile a bhaineann le héadaí a sholáthar. Tabhair deis do na grúpaí ansin plé a bheith acu ar chúrsaí faisin.

### 2: Scríobh

Abair leo ansin an cur síos ar éadaí, a phléigh siad faoi Caint, a scríobh amach.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad (Ollscoil na hÉireann Má Nuad) | Lárionad na Gaeilge (Taighde, Teagasc & Tástáil) le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4